NOLLAIG 2022

Meánscoil Gharman

Díospóireachtaí

D'éirigh le foireann sinsir na scoile sa chéad agus sa dara babhtha de Dhíospóireachtaí Uí Chadhain i mbliana. Bhí Múinteoir Elaine á stiúradh agus táimid thar a bheith bródúil as an triúr. Comhghairdeas le Clarisse Ní Chonchubhair (bl 4), Éire Ní Fhaoláin (bl 5) agus Gráinne Ní Ailín (bl 6). Táimid ag guí gach rath orthu sa chéad bhabhta eile! Le Cecile

Malartú Spáinne

Tháinig daltaí ó scoil i Teruel sa Spáinn chun fanacht le daltaí ó Mheánscoil Gharman i mí Dheireadh Fómhair 2022 ar feadh cúig oíche. Bhí go leor spraoi againn cosúil le cluiche sacair (Spáinnigh v Éireannaigh), babhláil, siúlóid i mBaile Loch Gharman, Ceol traidisiúnta ar scoil, oíche de cheol traidisiúnta agus d'fhéachamar ar scannán Éireannach sa phictiúrlann. Bhí sé an-spraíúil dúinne agus do na Spáinnigh. Tá daltaí Mheánscoil Gharman ag tnúth go mór leis an turas go Teruel agus na Spáinnigh a fheiceáil arís i mí an Mhárta.

Céad Cheoldráma Mheánscoil Gharman

I mbliana, chuir an scoil ár gcéad cheoldráma Annie Jr. ar siúl san Athenaeum ag tús mhí na Nollag. B'éacht ollmhór é seo don scoil mar gheall ar an méid oibre a bhí ag teastáil roimh ré chun an seó a chur ar an stáitse. Chaitheamar dhá mhí ag obair le Johnny Smith, Paul Walsh, Múinteoir Clár agus Sinéad ag eagrú na ndamhsaí, na haisteoireachta agus na hamhránaíochta. Chabhraigh daltaí na scoile agus na múinteoirí ar fad go mór linn chun na radhairc agus na héadaí a chur le chéile don seó. Rinneamar cúig seó ar an iomlán ar thrí lá iontacha; an 6, 7 agus an 8 Nollaig. Bhí an-spraoi againn agus bhíomar fíorshásta leis an seó a chuireamar ar an stáitse. Táimid ag tnúth go mór leis an gcéad ceann eile! Le Eve agus Cormac.

Ghlac an scoil ar fad páirt i seachtain Feasachta na Tacaíochta. Bhí imeachtaí ar siúl i rith na seachtaine cosúil le tráth na gceist, gléasadh mar bhogha báistí agus díolachán cístí. Ba mhór an ráth a bhain leis an seachtain. Fáiltíonn Meánscoil Gharman roimh cách atá spiorad na foghlama iontu. Le Isabel

Comórtas Chácaí na Nollag

Tá comórtas cháca na Nollag ag teannadh linn go luath agus tá gach duine ag tnúth leis! Caithfidh an idirbhliain cácaí a chruthú a bheidh téama na Nollag orthu. Beidh gach duine sna blianta eile in ann vótaí a chaitheamh chun an buaiteoir a roghnú. Gheobhaidh an buaiteoir corn agus duais. Le blianta anuas bhí caighdeán an-ard ar na cácaí agus bhain gach duine taitneamh as an lá. Tá súil again go n-éiríonn go maith linn leis a gcomórtas i mbliana. Le hEibhlín

Spórt

Bhí sé go hiontach a bheith ar ais ag imirt spóirt i gceart i mbliana.

Cispheil

D'éirigh go hiontach leis na buachaillí cispheile f16. Chaill siad an leathchraobh, an t-aon chluiche nár bhuaigh siad. Ghlac cailín f16 agus agus buachaillí páirt sa chomórtas freisin.

Peil

Bhí mí-ádh an domhain ar chúpla foireann peile i mbliana. Chaill na cailíní gach cluiche le cúilín amháin agus chaill buachaillí f14 ar chiceanna éirice!! Lean an fhoireann sinsir ar aghaidh chuig an chéad leibhéal eile i mbliana ach bhí an comórtas beagáinín ró-láidir dúinn. Cleachtadh a dhéanann máistreacht.

Iománaíocht.

Tá iománaíocht sinsir faoi lán seoil againn faoi láthair. D'imir an fhoireann f14 comórtas Loch Garman agus beimid réidh don wraith tar éis na Nollag.

Eile

Comhghairdeas le Artem Ó Ceallaigh, tháinig sa 5ú háit i gcomórtas lúthchleasaíochta na scoileanna. Comhghairdeas le Abby agus Kelly Ní Dubhlaoich a bhuaigh bonn airgid agus cré-umha sa chraobh Cicdhornálaíocht dhomhanda.

Comhghairdeas le Conor Ó Coirbín a mbíonn an bua aige i gcomórtais snámha go rialta. Tháinig sé sa dara háit an tseachtain seo caite i gCraobhchomórtas na hÉireann. Le Daithí

Féinchosaint

Rinneamar ar fad ceachtanna féinchosanta go míosúil le John Phillips. Ba cheachtanna an-spraiúil iad agus bhaineamar ar fad an-taitneamh astu.

D'fhoghlaimíomar maidir le príobháideachas agus sábháilteacht fhisiciúil, chomh maith leis na modhanna féinchosanta is éifeachtúla le húsáid.

Rinneamar na ceachtanna seo ar scoil agus sa spórtlann áitiúil. Ba cheachtanna an-chabhrach iad seo le foghlaim agus molfaimid go mór é a dhéanamh. Le Cáit agus Ellie

SVP

Ag tús na bliana tháinig Debbie ó SVP isteach chun obair a dhéanamh le muintir na hidirbhliana. Thug sí eolas dúinn maidir leis an saghas oibre a dhéanann SVP chun cabhrú le daoine timpeall na tíre. Rinne sí cluichí linn chun tuiscint níos fearr a thabhairt dúinn ar na bealaí a bhíonn daoine ag streachailt. Ceann de na cluichí a rinne sí linn ná nathracha is dréimí chun na pribhléidí agus ansmachtaí a mbíonn tionchar acu ar shaol an duine a thaispeáint dúinn. D'fhoglaimíomar conas cabhrú le SVP na fadhbanna seo a réiteach agus spreag sí dúinn clárú don Choiste SVP. Le Stacey

Lampaí

Sa rang ealaíne i mbliana tá cuid de mhuintir na hidirbhliana ag obair ar lampaí a chruthú as cré. Chuir siad na píosaí cré ar fad le chéile agus chuir siad an glónra air. D'oibrigh muintir na hidirbhliana le chéile chun na lampaí áille seo a chruthú agus dearadh a chur orthu . Chuaigh na lampaí san áith chriadóireachta. Nuair a tháinig siad amach thosaigh siad ag obair ar na sreanga chun an solas a tháirgeadh . Ba thionscadal cruthaitheach é, agus fuair siad blás beag ar an ealaín agus a bheith ag obair le leictreachas. Le Stacey

YSI

Thosaigh grúpa de chuid na hidirbhliana an t-ábhar nua YSI. Tá muid ag fiosrú fhadhb na fearúlachta. Tá muid ag déanamh plé ar na fadhbanna a bhaineann le fearúlacht nimhiúil agus cad a tharlaíonn mar thoradh uirthi. Chruthaíomar Mannie, an tsonóg (mascot) d'ár dtionscadal. Is meafar é Mannie a chuireann in iúl dúinn go bhfuil gach duine mar an gcéanna, mar is creatlach é atá gléasta suas. Beidh Mannie gach áit a théimid agus ag déanamh gach rud linn. Le hOisin

Ceardlann

Ag tús na bliana tháinig an t-údar Caroline Busher isteach chuig Meánscoil Gharman chun a scéalta a insint dúinn agus chun cabhrú linn lenár scileanna scríbhneoireachta. Bhí a scéalta agus a cuid tuisceana ar an teanga an-suimiúil agus d'fhoghlaim mé a lán eolais uaithi. Scríobhamar scéalta bunaithe ar an eolas a thug sí dúinn. Bhain gach duine taitneamh as.

Drumaí

Sa chéad téarma chruthaíomar drumaí *Cajon* le cabhair ó threoreacha físeáin. Le linn na seachtainí a rabhamar á gcruthú, chuireamar ár ndearadh féin ar an taobh amuigh. Chruthaíomar na drumaí ionas go rabhamar in ann iad a sheinm os comhair ár dtuistí ag oíche na hidirbhliana.

Bhí an-spraoi agus foghlaim ar siúl againn agus muid ag cruthú na ndrumaí lasmuigh lenár múinteoir Shannon De Faoite. Thaitin an tsaoirse agus an déantúsaíocht linn agus beidh earra againn ag deireadh an lae. Le Shay

Sound Out Rhythm

Tháinig Conor Moore ó *Sound Out Rhythm* chuig an scoil chun ceardlann drumadóireachta a dhéanamh linn ar an 21 Meán Fómhair. Chaitheamar 2 uair leis ag seinm drumaí. Bhí réimse leathan drumaí againn, mar shampla an bodhrán agus an *Cajon*. Sheinneamar na drumaí le ceol gaelach agus ceol pop, agus d'fhoghlaimíomar conas buile a choimeád agus ár gceol féin a chur leis na drumaí. Bhain gach duine an-taitneamh as agus thug sé fuinneamh iontach dúinn. Le Niamh agus Corran

An Coiste Gaeilge

Ó thús na scoilbhliana bhíomar gnóthach ag cinntiú go raibh an Ghaeilge á spreagadh againn i measc dhaltaí na scoile. Rinneamar a lán oibre chun imeachtaí spraíúla a eagrú do mhuintir na scoile uile.

D'eagraíomar an seó faisin chun Oíche Samhna a cheiliúradh. Tar éis an sos lár téarma ghlacamar páirt sa ghníomhaíocht náisiúnta is mó ó thaobh na Gaeilge de, Gaeilge 24. Ghlac thart ar 160 dalta páirt ar an lá agus bhí ar an gcoiste an lá a eagrú agus imeachtaí spraíúla a chur ar siúl.

Ceann de na rudaí a thugann an coiste faoi deara gach bliain ná go mbíonn deacrachtaí ag lucht na chéad bhliana leis an nGaeilge mar sin chun cabhrú leo roghnaíonn an coiste dalta a dhéanann an-iarracht chun an Ghaeilge a spreagadh gach mí agus bronntar duais Ghaeilgeoir na míosa orthu. Chomh leis sin, cuirimid ranganna Gaeilge ar fáil ag am lóin chun cabhrú leo dul i dtaithí ar an teanga. Le Adam agus Óran

Meánscoil Gharman's first Musical "Annie" hits all the right notes

A little bit of history was made in Enniscorthy's historic Athenaeum Theatre recently when the students of Meánscoil Gharman Inis Córthaidh took to the stage to perform the school's first ever musical. The choice of the Broadway musical "Annie" proved to be a popular one as the packed audiences revelled in this heart-warming story of orphan Annie whose adventures leads her from rags to the real riches of life ...a loving family. Éire Ní Fhaoláin played the lead role of "Annie". What a debut performance as a lead role! Her acting ability and vocal singing of the show stoppers "Tomorrow" and "Maybe" were superb and always in character throughout the show. Annie's fellow orphans just lit up the stage every time they entered with their facial reactions and their singing of "It's the Hard-Knock Life" and "You're Never Fully Dressed Without a Smile" were one of the many highlights of the show.Meg Ní Fhaoláin played the demanding role of "Miss Hannigan". This role requires an excellent actress with comedic timing and singing ability. Another debut as this was Meg's first time taking centre stage in a main role. What a performance! We feel no pity for Miss Hannigan in Meg's portrayal of this character (and rightly so!) as she schemes and uses the orphans for her own financial gain. Meg's singing of "Little Girls" perfectly portrayed the contempt that Miss Hannigan has for the orphans in her "care".The role of the millionaire "Warbucks" was played by Brooklyn Mac Gabhainn and together with Keira Ní Fhatharta who played the role of "Grace" his personal secretary achieved that heart-warming glow to this show and sends a message that perhaps wealth is not everything and that we need something more in our lives to feel fulfilled...to love and be loved. The characters "Rooster" and "Lily" were played by Órán Ó Cuilín and Mia Ní Dhomhnaill respectively. Great stage presence here and acting from Órán and Mia every time they entered...their acting from con artists to "Parents of Annie "was excellent. Special mention to other roles –Jack Cloke who played the character "Bert Healy" and Cormac Mac Fhionnaile who played "Roosevelt" and both doubling in Chorus roles. This show had an experienced production team to get this show on stage. Special mention must go to Meánscoil Gharman's own staff. Head of Music in Meánscoil Gharman Clare Kavanagh as Musical Director achieved a lovely balance between the orchestra and on stage singing and her fellow colleague Sinéad Fitzsimons ably assisted as assistant-director. A lovely moment in the sing off of the song "Tomorrow" by the full company was when they sang some of the song "*As Gaeilge"* as befitting this All-Irish Language Secondary School in County Wexford. A first for Meánscoil Gharman ...Comhghairdeas! and looking forward to their next production. Le Fintan Cleary

Rang Garraíodóireachta

Sa rang garraíodóireachta i mbliana, chuireamar ranunculus, tulips, lus an chromchinn, allium, muscari, crocus agus dutch iris sa talamh, tar éis é sin thoclaíomar an talamh in aice le taobh na scoile. Chuireamar na plandaí, thosaíomar ag tochailt sa ghairdín agus na fiailí go léir a bhaint. Anois, leis na fiailí go léir bainte amach, tá orainn crann, plandaí nó glasraí a chur ann. Bhain muid an-sult as an rang seo agus tá sceitimíní orainn ár ngairdín a fheiceáil ag fás. Táimid réidh don Earrach agus tús a chur le Gairdín an Phobail. Le hEdel

Eolaí Óg:

Tá seisear dalta ón idirbhliain ag dul ar aghaidh go dtí an comórtas náisiúnta Eolaí Óg i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir. Tá grúpa amháin, JJ, Ryan agus Will, ag tabhairt faoi thionscnamh ar shuíomh gréasáin le heolas faoin bhfeirmeoireacht Uirbeach in Éirinn. Tá an grúpa eile, Pádraig, Sadbh agus Clarisse agus déanamh taighde ar Binaural Beats agus an éifeacht a mbíonn acu ar an gcodladh. Tá súil againn go mbeidh an bua acu ag an gcraobh. Go n'eirí leo! Le Ryan

E-Twinning:

Faoi láthair, tá seisear sa dara bliain ag glacadh páirte in E-Twinning. Is éard is E-Twinning ann ná bailiúcháin de pháistí ó aois 8 - 15 timpeall an Domhain ag labhairt faoi na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (Sustainable Development Goals). Tá 14 scoil timpeall an Domhain ag glacadh páirte ó thíortha éagsúla ar nós Na Tuirce, An Phortaingéil, An Fhrainc, An Spáinn, An Iodáil, An Ghréig, An Mhacadóin, An tSeoirsia, Éire srl. Bailíonn muid le chéile ar Zoom chun labhairt faoi na SDIanna agus conas feabhas a chur orthu nó conas iad a bhaint amach. Bíonn tascanna ar siúl againn gach mí ar nós póstaer, lógó, fuirseoir (comic) srl a chruthú agus rudaí mar sin. Ba mhaith linn feasacht an duine óig a mhéadú ar na Spriocanna Domhanda Inbhuanaithe trí na rudaí seo a dhéanamh. Mairfidh an tionscadal 7 mí agus táimid cheana féin 2 mhí istigh.

Tá sceitimíní orainn é seo a dhéanamh agus tá súil againn gur féidir linn difríocht a dhéanamh dár bpláinéad.



SOUTH EAST
2